

[ó Fhraincís Jules Supervielle (Uruguay, 1884-1960) – aistr Simon Ó Faoláin]

An Madra

(Le Chien)

Is madra mé ar m'ábhar féin,
Sin gach is eol dom,
Seachas nuair a thiteann dán
Anuas ón spéir orm
Ó fhile nach fios dom a chló,
Ar mhian mo sheirbhís
Chun cúram beag a dhéanamh dó
Ar mhaithe féirín.
Mise nach bhféadfadh labhairt go deo,
Gan a'm ach tafann
Chun slí a dhéanamh tríd an gceo
'S mo sciúch a ghlanadh,
Níl aon spéis agamsa teacht
As m'easpa chéille,
Níl tóir agamsa ar an racht
a spreagann bréithre
A ghlacaim leo go drogallach
Ó chearn ard éigin.
Is madra mé ar m'ábhar féin,
Ná iarr níos mó orm.

Is ann do ghealbháin

(Er zijn huismussen)

Is ann do ghealbháin
agus sacáin
agus iomad glasáin
de gach cineál;
ach i measc an iomláin
níl leid amháin
d'aon eadráin
idir mórán
agus beagán
le feiceáil.

[ó Ollóinnis Garmt Stuiveling (An Fhreaslainn, 1907-1985) – aistr Mícheál Ó hUanacháin]